Oifig an **Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**



An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997
Leabhar Tagartha Alt 15 & Alt 16

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,
14 - 16 Sráid Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: + 353 1 678 9222
Faics: + 353 1 661 0915
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

An Rannán Aturnaetha,
Teach Caibidle,
26 - 30 Sr. na Mainistreach Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1.

Tel: +353 1 858 8500
Fax: +353 1 858 8555
Láithreán Gréasáin: www.dppireland.ie

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2003

Treoir maidir le Feidhmeanna agus Taifid

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

CLÁR

CUID I ROCHTAIN AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LE hOIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ 4

Réamhrá 4
Faisnéis a bhfuil gnáthfháil uirthi 4
Faisnéis a bhfuil rochtain uirthi faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 5
Lámhleabhar um Shaoráil Faisnéise 5

CUID II FEIDHMEANNA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ & TUAIRISC AR AN OIFIG 6

Feidhmeanna na hOifige 6
Ráiteas Misin 6
An Próiseas Ionchúisimh Choiriúil 7
Tuairisc ar an Oifig 8
Struchtúr Eagrúcháin 8

CUID III STRUCHTÚR & EAGRÚCHÁN RANNÁIN OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ 9

An Rannán Stiúrtha 9
An Rannán Aturnaetha 11
An Rannán Riaracháin 13

CUID IV MAR A OIBRÍONN AN tACHT IN OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ 20

Teidil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 20
Taifid de réir scóip an Achta 20
Conas iarratas a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 20
Cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas 21
An próiseas cinnteoireachta um Shaoráil Faisnéise 21
Cearta ar Athbhreithniú agus Achomharc 21
Athbhreithniú Inmheánach 21
Athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise 21
Táillí 22
Polasaí Rúndachta 23
Fógra Díolúine 23

CUID V FAISNÉIS AR RIALACHA, CLEACHTAIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA I nDÁIL LE CINNTEOIREACHT AG AN OIFIG 24

Ceanglais faoi Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise 24
Achtacháin nó Scéimeanna a bhaineann leis an Earnáil Phoiblí 24

CUID I

ROCHTAIN AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LE hOIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

1. Réamhrá

Bunaíonn an tAcht um Shaoráil Faisnéise (FOI) trí cheart nua reachtúla:

(i) ceart dlíthiúil ag gach duine rochtain a bheith acu ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;

(ii) ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil a bhaineann leis nó léi féin a leasú sa chás go mbíonn an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;

(iii) ceart dlíthiúil ar chúiseanna a fháil do chinntí a dhéanann difear don duine féin.

Dearbhaíonn an tAcht ceart daoine den phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid is féidir i gcomhréir le leas an phobail agus ceart chun príobháideachta daoine aonair.

Tá an lámhleabhar seo ullmhaithe de réir na gceanglas foilseacháin atá leagtha amach in alt 15 agus alt 16 den Acht.

2. Faisnéis a bhfuil gnáthfháil uirthi

2.1 Tá gnáthfháil ag an bpobal ar fhaisnéis ghinearálta a bhaineann le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Pointe Teagmhála	An Fhaisnéis atá ar Fáil	Sonraí Teagmhála
An tAonad Cumarsáide & Forbartha	• Fiosruithe ginearálta maidir leis an Oifig • Iarrataí ar chóipeanna de Thuarascálacha Bliantúla, Ráitis Straitéise, Ráiteas maidir le Treoirlínte Ginearálta d'Ionchúisitheoirí agus foilseacháin eile de chuid na hOifige	Teil: 01 678 9222 Faics: 01 678 9281
Láithreán Gréasáin na hOifige	• Faisnéis i ndáil le feidhmeanna na hOifige • Cóipeanna de gach foilseachán de chuid na hOifige • Cóipeanna de dhoiciméid agus tuarascálacha iomchuí eile • Naisc le gníomhaireachtaí iomchuí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile laistigh den chóras ceartais choiriúil	www.dppireland.ie

Beidh faisnéis den sórt sin ar fáil go leanúnach go neamhfhoirmiúil gan gá úsáid a bhaint as an Acht um Shaoráil Faisnéise.

2.2 Tá cóipeanna den reachtaíocht ar fad a bhaineann le feidhmeanna agus cumhachtaí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poibli ar fáil ón Oifig Dhíolta Foilseacháin Rialtais. Níl an liosta thíos iomlán ach, chun tagairtí a éascú, tagraíonn sé do na príomhréimsí reachtaíochta a bhaineann le feidhmeanna an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Pointe Teagmhála	Príomhréimsí reachtaíochta a bhaineann le feidhmeanna an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	Ar fáil i bhformáid leictreonach ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas
Oifig Dhíolta Foilseacháin Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2. Sonraí Teagmhála: Teil: 01 671 0309 Faics: 01 475 2760	• Bunreacht na hÉireann 1937	www.taoiseach.gov.ie
	• An tAcht um Cheartas Coiriúil (Riarachán), 1924 • An tAcht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974	www.irishstatutebook.ie/front.html
	• An tAcht um Cheartas Coiriuil, 1993	www.bailii.org

3. Faisnéis a bhfuil rochtain uirthi faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise leagtha amach chun rochtain phoiblí a cheadú ar fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí **NACH** mbíonn gnáthfháil uirthi trí fhoinsí eile. Tá rochtain ar fhaisnéis faoin Acht faoi réir ag díolúintí áirithe agus bíonn nósanna imeachta sainiúla agus teorainneacha ama i gceist.

Faoi alt 46(1)(b) den Acht tá díolúine shonrach ann maidir le taifid a chruthaigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó atá ina seilbh aici, seachas taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige. Ciallaíonn sé sin ***nach bhfuil*** **rochtain ag an bpobal ar chomhaid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla** faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Ní mór a threisiú freisin, mar ábhar ceartais aiceanta agus mar gheall ar shrianta dlíthiúla araon, **go bhfuil cosc ar an Oifig cúiseanna a thabhairt i gcás cinntí gan ionchúiseamh a thionscnamh**.

Soláthraíonn an lámhleabhar seo treoir i leith struchtúr na hOifige chun cabhrú leat rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le **riarachán ginearálta na hOifige** faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

4. Tá cóipeanna den fhoilseachán seo ar fáil saor in aisce ó:

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
An tAonad um Shaoráil Faisnéise, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.	Teil: 01 678 9222 Ríomhphost: foi@dppireland.ie
Láithreán Gréasáin na hOifige	www.dppireland.ie
Leabharlanna Poiblí & Ionaid Faisnéise Saoránach	Féach Eolaí Teileafóin do mhionsonraí

CUID II

FEIDHMEANNA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ & TUAIRISC AR AN OIFIG

1. Feidhmeanna Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

1.1 Bunaíodh oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. D'fhoráil an tAcht do gach feidhm a rinne an tArd-Aighne roimhe sin i ndáil le hábhair choiriúla agus achainíocha toghcháin agus reifrinn a aistriú chuig an Stiúrthóir. Is í an phríomhfheidhm díobh sin an chumhacht cionta coiriúla a ionchúiseamh.

1.2 Baineann trí phríomhfheidhm le hionchúiseamh i gcionta:

- **An tImscrúdú** – comhlíonann an Garda Síochána an fheidhm sin. Níl aon fheidhm imscrúdaithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Comhoibríonn sé go rialta leis an nGarda Síochána, áfach, le linn imscrúduithe coiriúila, go háirithe i gcomhairle iomchuí dhlíthiúil agus ionchúisimh a chur ar fáil.
- **An cinneadh ionchúiseamh a thionscnamh nó gan a thionscnamh** – déanann Rannán Stiúrtha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an fheidhm seo agus áirítear ann cinntí imeachtaí a aistarraingt nó glacadh le pléadálacha ar chionta níos lú, cinntí achomhairc a thionscnamh i ndáil le pointí dlí nó cinntí athbhreithniú a lorg ar phianbhreitheanna a bhíonn trócaireach go míchuí.
- **An cás ionchúisimh a chur i láthair sa chúirt** – Déanann Rannán Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an fheidhm seo i mBaile Átha Cliath agus áirítear ann ionchúisimh achoimre a sheoladh thar ceann an Stiúrthóra i ngach suí den Chúirt i mBaile Átha Cliath, leabhair fianaise a ullmhú, ullmhúchán ginearálta chásanna indíotáilte agus freastal ar abhcóide ag an éisteacht. Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath déanann 32 Aturnaetha Stáit Áitiúla feidhm chomhchosúil thar ceann an Stiúrthóra.

1.3 Tá an Stiúrthóir neamhspleách agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna.

1.4 **Ní** sholáthraíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí comhairle dhlíthiúil don phobal i gcoitinne.

2. Ráiteas Misin

Is é Ráiteas Misin Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ná:

"**Soláthar a dhéanamh thar ceann Phobal na hÉireann ar sheirbhís ionchúiseamh a bhionn neamhspleách, cothrom agus éifeachtach**"

Bhí neamhspleáchas na hOifige mar chúis lárnach lena bunú. Faoi réir ag na Cúirteanna, tá an Stiúrthóir neamhspleách ar gach comhlacht agus institiúid eile, lena n-áirítear an Rialtas agus an Garda Síochána araon, agus déantar cinntí saor ó thionchar polaitiúil nó eile.

Tá an Oifig tiomanta na caighdeáin ghairmiúla is airde a fheidhmiú agus déileáil go cothrom, go comhionann agus go comhleanúnach gan aon idirdhealú mícheart leis na daoine a mbíonn sí ag déileáil leo.

3. An Próiseas Ionchúisimh Choiriúil

Léiríonn an chairt seo a leanas an próiseas ionchúisimh choiriúil agus leagann amach go soiléir ról Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sa phróiseas sin.

AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDAITHE

- Stiúrann imscrúduithe neamhspleácha coiriúla
- Stiúrann formhór na n-ionchúiseamh achomair sa Chúirt Dúiche i ndáil le ***cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach***
- Ullmhaíonn comhaid agus cuireann ar aghaidh chuig Rannán Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó chuig an Aturnaetha Stáit Áitiúla iad i ndáil le ***cionta atá níos tromchúisí***

↓ ↓

RANNÁN ATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna le héisteacht i mBaile Átha Cliath)	ATURNAETHA STÁIT ÁITIÚLA (Cásanna le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Stiúrann ionchúisimh áirithe achoimre sa Chúirt Dúiche
- Cuireann comhaid imscrúdaithe ar aghaidh chuig Rannán Stiúrtha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí do threoracha
- Ullmhaíonn cásanna don chúirt

↓ ↓

AN RANNÁN STIÚRTHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ón Rannán Aturnaetha agus ó Aturnaetha Stáit Áitiúla
- Stiúrann tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna a ionchúiseamh ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn teagasc leanúnach agus comhairle dlí do Rannán na nAturnaetha agus d'Aturnaetha Stáit Áitiúla go dtí go mbíonn an cás ag an éisteacht críochnaithe
- Comhairlíonn An Garda Síochána agus sain-ghníomhaireachtaí imscrúdaithe agus tugann treoracha faoi chúiseamh

↓ ↓

RANNÁN ATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ (Cásanna le héisteacht i mBaile Átha Cliath)	ATURNAETHA STÁIT ÁITIÚLA (Cásanna le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)

- Feidhmíonn treoracha ón Rannán Stiúrtha
- Bíonn i láthair ag réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
- Ullmhaíonn Leabhar Fianaise i gcásanna díotála
- Mionteagascann agus cuidíonn leis an abhcóide ainmnithe i stiúradh ionchúisimh
- Freastalaíonn ar an triail agus tuairiscíonn an toradh chuig an Rannán Stiúrtha
- Soláthraíonn seirbhís idirchaidrimh le gníomhaireachtaí agus páirtithe a bhíonn páirteach sa phróiseas coiriúil

↓

ABHCÓIDE IONCHÚISIMH

- Bíonn i láthair sa Chúirt agus seolann ionchúiseamh ar díotáil thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus de réir threoracha an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

↓

CÚIRTEANNA

- Cás ag an éisteacht (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
- Pianbhreith a ghearradh

4. Tuairisc ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Tá trí phríomhrannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

An Rannán Stiúrtha atá comhdhéanta d'abhcóidí agus d'aturnaetha a scrúdaíonn comhaid imscrúdaithe coiriúla agus a chinneann cibé ar chóir ionchúiseamh a thionscnamh nó nár chóir.

An Rannán Aturnaetha atá comhdhéanta d'aturnaetha agus d'fheidhmeannaigh dlíthiúla a ullmhaíonn agus a sheolann cásanna thar ceann an Stiúrthóra i ngach suí den Chúirt i mBaile Átha Cliath.

An Rannán Riaracháin a sholáthraíonn tacaíocht agus seirbhísí eile don Rannán Stiúrtha agus do Rannán Aturnaetha araon chun go mbeidh ar chumas na hOifige a feidhm reachtúil a chomhlíonadh.

STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN



CUID III

STRUCHTÚR & EAGRÚCHÁN RANNÁIN OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

1. AN RANNÁN STIÚRTHA

1.1 Struchtúr an Rannáin

STRUCHTÚR AN RANNÁIN STIÚRTHA
LEAS-STIÚRTHÓIR
OIFIGIGH GHAIRMIÚLA (Abhcóidí agus Aturnaetha)

Is é feidhm an Rannáin Stiúrtha a chinneadh, tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, cibé ar chóir go mbeadh ionchúiseamh ann nó ar chóir ionchúiseamh a chuir an Garda Síochána tús leis a choimeád.

Léiríonn an treoir a eisítear cé na cúisimh, más ann, atá le tabhairt os comhair na gcúirteanna. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh eolais nó imscrúdú breise sular fáidir an cinneadh a dhéanamh.

Bíonn an cinneadh ionchúseamh a dhéanamh bunaithe ar chás ***prima facie*** - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go ndéanfadh amhlaidh, a thabhairt ar chúirt nó ar ghiúiré a chinneadh, thar aon amhras réasúnach, go bhfuil an duine ciontach sa choir.

1.2 Seachadadh na Seirbhíse

- Scrúdaíonn na comhaid imscrúdaithe coiriúla a fhaightear ón Rannán Aturnaetha agus ó na hAturnaetha Stáit Áitiúla
- Stiúrann tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna ar díotáil a ionchúiseamh (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn teagasc leanúnach agus comhairle dhlíthiúil don Rannán Aturnaetha agus d'Aturnaetha Stáit Áitiúla go dtí go dtugtar an cás ag an éisteacht chun críche
- Comhairlíonn sainghníomhaireachtaí imscrúdaithe agus tugann treoracha ar dhéanamh cúiseamh

Soláthraíonn an Rannán Stiúrtha seirbhísí go príomha don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdaithe eile; Aturnaetha Stáit Áitiúla, Comhaltaí den Bharra, na Coimisinéirí Ioncaim, Oifig an Ard-Aighne, Ranna Rialtais, Údaráis Áitiúla agus gníomhaireachtaí eile a bhíonn páirteach sa phróiseas ceartais choiriúil. Ní sholáthríonn sé seirbhísí díreach don phobal.

1.3 Aicmí Taifead

- Taifid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla.

Faoi alt 46(1)(b) den Acht tá díolúine shonrach ann i ndáil le taifid a chruthaigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó atá ina seilbh, seachas na taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige. Ciallaíonn sé sin ***nach bhfuil*** **rochtain ag an bpobal ar chomhaid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla** faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

1.4 An Fhaisnéis atá ar fáil

Tá faisnéis ghinearálta maidir le hobair an Rannáin Stiúrtha leagtha amach i bhfoilseacháin na hOifige mar na Tuarascálacha Bliantúla; na Ráitis Straitéise; Ráiteas maidir le Treoirlínte Ginearálta d'Ionchúisitheoirí; agus tá siad sin ar fad le fáil ón Aonad Cumarsáide & Forbartha nó trí dul chuig Láithreán Gréasáin na hOifige.

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
Láithreán Gréasáin na hOifige	www.dppireland.ie
An tAonad Cumarsáide & Forbartha, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.	Teil: 01 678 9222 Faics: 01 678 9281

1.5 Pointe Teagmhála

D'eolas ginearálta maidir leis an Rannán Stiúrtha déan teagmháil le:

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
An tAonad Cumarsáide & Forbartha, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.	Teil: 01 678 9222 Faics: 01 678 9281

2. AN RANNÁN ATURNAETHA

2.1 Struchtúr an Rannáin

STRUCHTÚR AN RANNÁIN ATURNAETHA			
AN PRÍOMH-ATURNAE IONCHÚISIMH			
Rannóg na nUaschúirteanna	**Rannóg na gCúirte Trialach Cuarda**	**Rannóg na gCúirte Dúiche**	**Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha**
(Aturnaetha, feidhmeannaigh dlíthiúla, oifigeach feidhmeannach & oifigigh chléireachais)	(Aturnaetha, feidhmeannaigh dlíthiúla, oifigeach feidhmeannach, oifigeach foirne & oifigigh chléireachais)	(Aturnaetha, feidhmeannaigh dlíthiúla, oifigeach feidhmeannach, oifigigh foirne & oifigigh chléireachais)	(Aturnae, feidhmeannaigh dlíthiúla, oifigeach foirne & oifigigh chléireachais)

Is é feidhm Rannán Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ná gníomhú don Stiúrthóir agus don Gharda Síochána in ullmhú agus i gcur i láthair cásanna i gCúirt Dúiche agus i gCúirt Chuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomhchúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil agus san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach.

Lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath déanann 32 Aturnaetha Stáit Áitiúla, a bhíonn ag déileáil le cásanna ina limistéir réigiúnacha féin faoi seach, an fheidhm sin.

2.2 Seachadadh Seirbhíse

- Seolann ionchúisimh achoimre áirithe sa Chúirt Dúiche
- Cuireann comhaid imscrúdaithe ar aghaidh chuig Rannán Stiúrtha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gcomhair treorach maidir le hionchúiseamh
- Ullmhaíonn cásanna don chúirt
- Cuireann treoracha ón Rannán Stiúrtha i bhfeidhm
- Ullmhaíonn Leabhar Fianaise i gcásanna díotála
- Tugann mionteagasc, cabhair agus teagasc don abhcóide ainmnithe a bhíonn ag seoladh ionchúisimh
- Freastalaíonn ar an triail agus tuairiscíonn an toradh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí
- Soláthraíonn seirbhís idirchaidrimh le gníomhaireachtaí agus páirtithe a bhíonn páirteach sa phróiseas coiriúil

Soláthraíonn an Rannán Aturnaetha seirbhísí go príomha don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdaithe eile. Déanann siad idirchaidreamh le híospartaigh choireachta agus le finnéithe sainiúla. Ní chuireann siad seirbhís ar fáil díreach do dhaoine den phobal.

2.3 Aicmí Taifead

- Taifid a bhaineann le comhaid ionchúisimh choiriúil.

Faoi alt 46(1)(b) den Acht tá díolúine shonrach ann i ndáil le taifid a chruthaigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó atá ina seilbh, seachas na taifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige. Ciallaíonn sé sin ***nach bhfuil*** **rochtain ag an bpobal ar chomhaid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla** faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

2.4 An Fhaisnéis atá ar fáil

Tá faisnéis ghinearálta maidir le hobair an Rannáin Aturnaetha leagtha amach i bhfoilseacháin na hOifige mar na Tuarascálacha Bliantúla; na Ráitis Straitéise; Ráiteas maidir le Treoirlínte Ginearálta d'Ionchúisitheoirí; agus tá siad sin ar fad le fáil ón Aonad Cumarsáide & Forbartha nó trí dul chuig Láithreán Gréasáin na hOifige.

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
Láithreán Gréasáin na hOifige	www.dppireland.ie
An tAonad Cumarsáide & Forbartha, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.	Teil: 01 678 9222 Faics: 01 678 9281

2.5 Pointe Teagmhála

D'eolas ginearálta maidir leis an Rannán Stiúrtha déan teagmháil le:

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
An tAonad Cumarsáide & Forbartha, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.	Teil: 01 678 9222 Faics: 01 678 9281

3. AN RANNÁN RIARACHÁIN

3.1 Struchtúr an Rannáin

STRUCHTÚR AN RANNÁIN RIARACHÁIN		
CEANN RIARACHÁIN (Príomhoifigeach)		
CLÁRLANN	**AONAD ACMHAINNÍ DAONNA & OILIÚNA**	**LEABHARLANN**
Oifigeach Foirne Oifigigh Cléireachais	Príomhoifigeach Cúnta Ardoifigeach Feidhmiúcháin Oifigigh Feidhmiúcháin Oifigigh Cléireachais	Leabharlannaí Taighdeoirí Dlíthiúla Leabharlannaí Cúnta Oifigeach Foirne Oifigeach Cléireachais
AONAD PRÓISEÁLA FOCAL	**AONAD EAGRÚCHÁIN AGUS SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA**	**AONAD CUMARSÁIDE AGUS FORBARTHA**
Oifigeach Foirne Oifigigh Cléireachais	Príomhoifigeach Cúnta Ardoifigeach Feidhmiúcháin Oifigigh Feidhmiúcháin Oifigigh Cléireachais Oifigigh Seirbhísí	Ardoifigeach Feidhmiúcháin Oifigeach Feidhmiúcháin Oifigeach Cléireachais
AONAD THEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS	**AONAD AIRGEADAIS**	**OIFIGÍ AN RÚNAÍ PHRÍOBHÁIDIGH & NA RÚNAITHE**
Príomhoifigeach Cúnta Ardoifigigh Feidhmiúcháin Oifigigh Feidhmiúcháin Oifigeach Cléireachais	Príomhoifigeach Cúnta Ardoifigeach Feidhmiúcháin Oifigeach Feidhmiúcháin Oifigigh Cléireachais	**Oifig an Stiúrthóra** Ardoifigeach Feidhmiúcháin Oifigeach Cléireachais **Oifig an Leas-Stiúrthóra** Oifigeach Cléireachais **Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit** Oifigeach Cléireachais

Is é ról an Rannáin Riaracháin ná na seirbhísí riaracháin agus na seirbhísí tacaíochta eile is gá chun go ndéanfaidh an Oifig a feidhm reachtúil a chur ar fáil.

3.2.1 RANNÓG NA CLÁRLAINNE

Seachadadh Seirbhíse

- Cuireann seirbhí chlárú comhad, rianú agus faisnéise ar fáil d'fhoireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Seirbhísí a chuirtear ar fáil do dhaoine den phobal

- Ní chuireann an tAonad seirbhísí ar fáil go díreach do dhaoine den phobal.

Aicmí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- Comhaid ionchuisimh choiriúil
- Ábhair Athbhreithnithe Breithiúnacha
- Riarachán ginearálta

3.2.2 AN tAONAD PRÓISEÁLA FOCAL

Seachadadh Seirbhísí

- Cuireann seirbhís próiseála focal ar fáil don Rannán Stiúrtha
- Cuireann seirbhísí lucht teileafóin/fáiltithe ar fáil

Seirbhísí a chuirtear ar fáil do dhaoine den phobal

- Ní chuireann an tAonad seirbhísí ar fáil go díreach do dhaoine den phobal

Aicmí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- Comhaid ionchuisimh choiriúil

3.2.3 AONAD THEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS

Seachadadh Seirbhíse

- Soláthraíonn seirbhís tacaíochta Teicneolaíocht Eolais d'fhoireann na hOifige
- Déanann cothabháil ar na córais Teicneolaíocht Eolais atá cheana ann
- Faigheann agus forbraíonn córais nua Teicneolaíocht Eolais
- Forbraíonn straitéis agus polasaithe Teicneolaíocht Eolais Oifige
- Faigheann gach crua-earraí agus bogearraí Teicneolaíocht Eolais mar aon le teicneolaíocht chumarsáide don Oifig
- Déanann cothabháil agus forbairt ar bhonneagar cumarsáide na hOifige
- Déanann idirchaidreamh le comhlachtaí eile sa Chóras Ceartais Choiriúil chun cumarsáid níos fearr a fhobairt agus faisnéis a roinnt

Seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine den phobal

- Ní chuireann an tAonad seirbhísí ar fáil go díreach do dhaoine den phobal

Aicmí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- Tionscadail Teicneolaíocht Eolais
- Fáil Teicneolaíocht Eolais
- Cóip de shonraisc d'earraí agus seirbhísí Teicneolaíocht Eolais a ceannaíodh
- Bogearraí, crua-earraí, cumarsáid agus córais Oifige

3.2.4 AN tAONAD ACMHAINNÍ DAONNA & OILIÚNA

Seachadadh Seirbhíse

- Bainistíonn an fheidhm Acmhainní Daonna laistigh den Oifig
- Cuireann polasaí an Rialtais i ndáil le fostaíocht sa státseirbhís i bhfeidhm
- Riarann na scéimeanna, rialacha, cóid, nósanna imeachta agus cleachtais a bhíonn i bhfeidhm i leith fosaíochta státseirbhíse (m.sh. téarmaí agus coinníollacha, saoire bhliantúil, láithreacht, ardú céime)
- Forbraíonn agus feidhmíonn an clár oiliúna foirne

- Riarann an Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha
- Déileálann le nithe a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch

Seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine den phobal

- Ní chuireann an tAonad seirbhísí ar fáil go díreach do dhaoine den phobal

Aicmí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- Comhaid phearsanta
- Foirniú
- Earcú
- Comórtais agus ceapacháin
- Pá agus luach saothair
- Saoire agus láithreacht
- Téarmaí agus coinníollacha
- An Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha
- Oiliúint
- Aoisliúntas
- An Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna

3.2.5 AN tAONAD EAGRÚCHÁIN & SEIRBHÍSÍ GINEARÁLTA

Seachadadh Seirbhíse

- Cinntíonn go mbíonn an chóiríocht Oifige coinnithe chuig an gcaighdeán is gá
- Ceannaíonn innealra agus trealamh Oifige agus cinntíonn go ndéantar iad a chothabháil
- Ceannaíonn stáiseanóireacht agus soláthairtí Oifige
- Cinntíonn go gcomhlíontar an reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta
- Soláthraíonn seirbhís taistil agus cothabhála Oifige
- Coimeádann taifead de shócmhainní
- Soláthraíonn feidhmeanna áirithe Acmhainní Daonna agus feidhmeanna tacaíochta oifige eile

Seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine den phobal

- Ní chuireann an tAonad seirbhísí ar fáil go díreach do dhaoine den phobal

Aicmí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- Cóiríocht
- Trealamh agus soláthairtí oifige
- Seirbhísí taistil agus cothabhála
- Clár Sócmhainní

3.2.6 AN tAONAD AIRGEADAIS

Seachadadh Seirbhíse

- Cinntíonn go gcomhlíontar oibligeáidí reachtúla agus oibligeáidí tuairiscithe airgeadais eile na hOifige
- Próiseálann gach íocaíocht ghinearálta
- Déanann socruithe maidir le táillí a íoc le habhcóidí
- Ullmhaíonn na Meastacháin Bhliantúla agus an Cuntas Leithreasa
- Forbraíonn na Córais Airgeadais, lena n-áirítear an Creat Faisnéise Bainistíochta

Seirbhísí a Sholáthraítear do dhaoine den phobal

- Íocaíochtaí a dhéantar le soláthróirí earraí agus seirbhísí.

Aicmí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- An Cuntas Leithreasa bliantúil agus meastacháin bhliantúla
- Cuntais, tuairiscí agus tuairisceáin mhíosúla
- Taifid d'idirbhearta airgeadais
- Nósanna imeachta airgeadais
- Comhfhreagras le soláthróirí agus mionsonraí fúthu
- Tionscnaimh agus forbairtí Rialtais sa réimse airgeadais

3.2.7 LEABHARLANN

Seachadadh Seirbhíse

- Bailiúcháin leabarlainne, idir phriontáilte agus leictreonach, a fhorbairt agus a chothabháil
- Gach stoc leabharlainne a fháil
- Forbairt ar shaoráidí taighde agus feasa gnó
- Soláthar seirbhíse faisnéise don fhoireann dhlíthiúil agus riaracháin

Seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine den phobal

- Ní chuireann an tAonad seirbhísí ar fáil go díreach do dhaoine den phobal

Aicmí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- Bailiúcháin leabharlainne a fháil
- Doiciméid tairisceana do threalamh agus stoc leabharlainne
- Comhaontuithe ceadúnais
- Síntiúis chuig seirbhísí faisnéise
- Comhaltacht d'eagraíochtaí gairmiúla
- Stocthaifid
- Comhaid riaracháin na leabharlainne inmheánaí

3.2.8 AN tAONAD CUMARSÁIDE AGUS FORBARTHA

Seachadadh Seirbhísí

- Comhordú, priontáil agus scaipeadh gach foilseachán Oifige
- Eagrúchán agus comhordú ar chomhdhálacha agus seimineáir Oifige
- Forbairt an phróisis Phleanála Gnó
- Rúnaíocht a sholáthar do Choiste Compháirtíochta
- Déileáil le gach fiosrú ginearálta teileafóin
- Feidhmiú an Tionscnaimh Ardchaighdeáin Seirbhísí Custaiméara
- Cothabháil agus dearadh Láithreán Gréasáin na hOifige

Seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine den phobal

- Soláthraíonn seirbhís faisnéise teileafóin do dhaoine den phobal
- Déileálann le hiarrataí ar chóipeanna d'fhoilseacháin na hOifige
- Cothabhálann Láithreán Gréasáin na hOifige

Aimcí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- Foilseacháin Oifige
- Comhdhálacha agus seimineáir
- Próiseas Pleanála Gnó
- Coiste Comhpháirtíochta
- Tionscnamh Ardchaighdeáin Seirbhísí Custaiméara
- Fiosruithe ginearálta teileafóin
- Láithreán gréasáin

3.2.9 OIFIG RÚNAÍ PRÍOBHÁIDEACH AN STIÚRTHÓRA

Seachadadh Seirbhíse

- Soláthar rúnaíochta don Stiúrthóir
- Comhordú ar Cheisteanna Dála
- Comhordú ar Iarrataí Saorála Faisnéise
- Déileáil le fiosruithe Preas

Seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine den phobal

- Déileáil le gach fiosrú Preas
- Iarrataí Saorála Faisnéise a phróiseáil

Aicmí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- Comhfhreagras ginearálta an Stiúrthóra
- Miontuairiscí an Choiste Chomhairligh Bhainistíochta
- Iarrataí Saorála Faisnéise
- Ceisteanna Dála
- Fiosruithe Meán
- Páipéir chomhdhála agus seimineár

3.2.10 OIFIG RÚNAÍ AN PHRÍOMH-ATURNAE IONCHÚISIMH

Seachadadh Seirbhíse

- Rúnaíocht a sholáthar don Phríomh-Aturnae Ionchúisimh

Seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine den phobal

- Ní chuireann an Oifig seirbhísí ar fáil go díreach do dhaoine den phobal.

Aicmí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- Comhfhreagras ginearálta an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh
- Ábhar a bhaineann le coistí éagsúla agus le grúpaí oibre
- Páipéir chomhdhála agus seimineáir

3.2.11 OIFIG RÚNAÍ AN LEAS-STIÚRTHÓRA

Seachadadh Seirbhíse

- Rúnaíocht a sholáthar don Leas-Stiúrthóir

Seirbhísí a sholáthraítear do dhaoine den phobal

- Ní chuireann an Oifig seirbhísí ar fáil go díreach do dhaoine den phobal

Aicmí Taifead a shealbhaítear

Taifid a bhaineann le:

- Comhfhreagras ginearálta an Leas-Stiúrthóra
- Ábhar a bhaineann le coistí agus grúpaí oibre éagsúla
- Páipéir chomhdhála agus seimineár

3.3 An Fhaisnéis atá ar fáil agus pointí teagmhála

- Tugtar achoimre ar **fhaisnéis ghinearálta** i ndáil le hobair an Rannáin Riaracháin i bhfoilseacháin na hOifige mar na Tuarascálacha Bliantúla agus na Ráitis Straitéise atá ar fáil ón Aonad Cumarsáide agus Forbartha nó trí dhul chuig láithreán gréasáin na hOifige.

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
Láithreán Gréasáin na hOifige	www.dppireland.ie
An tAonad Cumarsáide agus Forbartha, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.	Teil: 01 678 9222 Faics: 01 678 9281

- Is féidir **Fiosruithe Preas** a dhíriú ar:

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
An Rúnaí Príobháideach, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.	Teil: 01 678 9222

- Is féidir **Iarrataí Saorála Faisnéise** a dhéanamh chuig:

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
An tAonad um Shaoráil Faisnéise, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.	Teil: 01 678 9222

CUID IV

MAR A OIBRÍONN AN tACHT IN OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

1. Teidil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, tá aon duine i dteideal iarratas a dhéanamh ar rochtain a fháil ar eolas atá i seilbh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige nach mbíonn ar fáil go poiblí ar shlí eile. Tá an ceart ag gach duine:

- rochtain a fháil ar thaifid i seilbh na hOifige seo maidir le riarachán ginearálta na hOifige;
- aon fhaisnéis phearsanta maidir leis an duine féin atá i seilbh na hOifige a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige a cheartú, sa chás go mbíonn an fhaisnéis sin míchruinn, neamhiomlán nó míthreorach;
- rochtain a fháil ar chúiseanna do chinntí a dhéanann an Oifig seo a **bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige** a dhéanann difear díreach don duine féin.

2. Tá na taifid seo a leanas faoi réir scóip an Achta

- gach taifead a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige i ndáil le faisnéis phearsanta atá i seilbh na hOifige, is cuma cathain a cruthaíodh í
- gach taifead eile a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige a cruthaíodh ón dáta tosach feidhme den 12 Aibreán 1998
- aon taifead a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige a bhíonn riachtanach chun taifead reatha a thuiscint

3. Conas iarratas a dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise

3.1 Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise don Oifig seo a dhíriu ar:

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
An tAonad um Shaoráil Faisnéise Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.	Teil: 01 678 9222 Ríomhphost: foi@dppireland.ie

3.2 Ba chóir go mbeadh d'iarratas i scríbhinn. Is féidir leat úsáid a bhaint as an bhfoirm iarratais dar teideal 'Foirm Iarratais um Shaoráil Faisnéise' atá ar fáil ón Aonad um Shaoráil Faisnéise (Teil. 01-678 9222) nó a bhfuil rochtain uirthi ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.dppireland.ie.

3.3 Mura mbíonn an fhoirm iarratais á úsáid agat ba chóir duit a léiriú go bhfuil d'iarratas á dhéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

3.4 Léirigh le do thoil más mian leat an fhaisnéis a fháil i bhfoirm ar leithligh i.e. fótachóip, diosca ríomhaire, etc.

3.5 Tabhair an méid sonraí agus is féidir lena chur ar chumas fhoireann na hOifige do thaifead a shainaithint. Má bhíonn aon deacracht agat na taifid chruinne atá ag teastáil uait a shainaithint, beidh foireann na hOifige sásta cabhrú leat agus d'iarraidh á ullmhú agat.

3.6 Má bhíonn faisnéis phearsanta á lorg agat, ba chóir go mbeadh céannacht de chineál éigin, mar Theastas Breithe, Ceadúnas Tiomána, Pas nó cineál céannachta eile, i dteannta le d'iarratas.

3.7 Cuir uimhir teileafóin lae le d'iarratas le do thoil ionas gur féidir teagmháil a dhéanamh leat más gá mionsonraí faoi d'iarraidh a shoiléiriú.

4. Cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas

4.1 Tabharfaidh foireann an Aonaid um Shaoráil Faisnéise gach cúnamh do dhaoine nach bhfuil ar a gcumas léamh, priontáil agus/nó scríobh de bharr míchumais i bhfeidhmiú a gcearta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

5. An próiseas cinnteoireachta um Shaoráil Faisnéise

5.1 Is oifigigh, ag leibhéal nach ísle ná Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin, a bhíonn tarmligthe ag an Stiúrthóir mar Chinnteoirí Saorála Faisnéise, a dhéanann cinntí ar iarratais Saorála Faisnéise. Is oifigigh, ag leibhéal nach ísle ná leibhéal Phríomhoifigeach Cúnta, a bhíonn tarmligthe ag an Stiúrthóir mar Athbhreithneoirí Inmheánacha faoi alt 4 den Acht um Shaoráil Faisnéise, a dhéanann cinntí ar Athbhreithnithe Inmheánacha.

5.2 Dearbhaíonn an tAonad um Shaoráil Faisnéise iarratais a fhaightear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise laistigh de 2 sheachtain ó fhaigheann sé an t-iarratas. Cuireann an tAonad an t-iarratas ar aghaidh ansin chuig an gCinnteoir ar ina rannóg atá na taifid iomchuí. Déileálfaidh an Cinnteoir leis an iarraidh laistigh de 4 seachtaine. Má bhíonn gá le comhchomhairle le tríú páirtí déanfar an cinneadh laistigh de 7 seachtaine ó fhaightear an t-iarratas.

6. Cearta ar Athbhreithniú agus Achomharc

Leagann an tAcht sraith eisceachtaí amach chun faisnéis íogaireach a chosaint, ar faisnéis í a bhféadfadh a nochtadh dochar a dhéanamh do leasanna lárnacha an Stáit nó tríú páirtí. Sa chás go n-agraíonn Roinn/Oifig na forálacha seo chun faisnéis a choinneáil siar, is féidir achomharc a dhéanamh ar an gcinneadh. D'fhéadfadh cinntí i ndáil le hiarchur rochtana, muirir, cineálacha rochtana, etc. a bheith faoi réir achomhairc. Tá mionsonraí faoi na sásraí achomhairc leagtha amach thíos.

7. Athbhreithniú Inmheánach

7.1 Is féidir leat athbhreithniú inmheánach ar an gcinneadh tosaigh a lorg:

(i) má bhíonn tú míshásta leis an bhfreagra tosaigh a fuarthas i.e. faisnéis a dhiúltú, foirm rochtana, muirir, etc; nó

(ii) mura mbíonn freagra faighte agat laistigh de 4 seachtaine ó d'iarratas tosaigh. Meastar gur diúltú ar d'iarratas é sin agus ceadaíonn sé duit dul ar aghaigh le hathbhreithniú inmheánach.

7.2 Déanfaidh oifigeach de ghrád níos airde na an oifigeach a bhfuil achomharc á dhéanamh ar a chinneadh/cinneadh an t-athbhreithniú inmheánach. Ba chóir iarrataí ar athbhreithniú inmheánach a chur isteach chuig:

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
An tAonad um Shaoráil Faisnéise, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, 14-16 Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.	Teil: 01 678 9222 Ríomhphost: foi@dppireland.ie

7.3 Caithfear iarraidh den sórt sin ar athbhreithniú inmheánach a dhéanamh laistigh de 4 seachtaine ón gcinneadh tosaigh. Caithfidh an oifig an t-athbhreithniú sin a thabhairt chun críche laistigh de 3 seachtaine. Cuirfear an toradh in iúl duit i scríbhinn. Caithfear an t-athbhreithniú inmheánach a thabhairt chun críche de ghnáth sular féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

8. Athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise

8.1 Má bhíonn tú fós míshásta tar éis athbhreithniú inmheánach a bheith tugtha chun críche, féadfaidh tú athbhreithniú neamhspleách ar an gcinneadh a lorg ón gCoimisinéir Faisnéise. Chomh maith leis sin, mura mbíonn freagra faighte ar d'athbhreithniú inmheánach laistigh de 3 seachtaine, meastar gur diúltú é sin agus is féidir leat achomharc a dhéanamh ar an ábhar chuig an gCoimisinéir.

8.2 Is feidir achomhairc i scríbhinn a dhéanamh díreach chuig an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo a leanas:

Pointe Teagmhála	Sonraí Teagmhála
Oifig an Choimisinéara Faisnéise, 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2.	Teileafón: 01 678 5222 Faics: 01 661 0570 Ríomhphost: foi@ombudsman.irlgov.ie www.irlgov.ie/oic

9. Táillí

Go bunúsach, tá dhá chineál muirir ann is infheidhme faoin Acht um Shaoráil Faisnéise:

9.1 Táillí ar Iarrataí

(i) **Táillí caighdeánacha a bhíonn i dteannta iarrata ar thaifead**: **Caithfidh** táille de €15 a bheith i dteannta iarratas ar thaifid seachas taifid ina bhfuil faisnéis phearsanta amháin a bhaineann leis an duine féin. Is táille laghdaithe de €10 a bhíonn i bhfeidhm má bhíonn clúdach cárta liachta agat. Ní bhíonn ceachtar táille i bhfeidhm d'fhaisnéis phearsanta amháin a bhaineann leis an duine féin.

(ii) **Táillí breise/éarlais i ndáil le costas lorgtha agus fála agus cóipeáil na dtaifead a scaoiltear**: Is féidir muirear a ghearradh ar iarrthóirí freisin as an am a chaitear ag fáil taifead a thugtar dóibh, agus as aon chostais fótachóipeála a thabhaíonn comhlacht poiblí i soláthar an ábhair don iarrthóir. Ní féidir muirear a ghearradh ar iarrthóirí as an am a chaitear ag cinneadh cibé an ndeonófar a n-iarraidh nó nach ndeonófar. Ní dócha go mbeidh costais den sórt sin i gceist i gcás faisnéise pearsanta.

(iii) D'fhéadfadh éarlais a bheith iníoctha sa chás gur dócha go mbeidh an táille breise iomlán níos mó ná €50. Sna himthosca sin caithfidh an comhlacht poiblí, má iarrtar air é, cabhrú leis an duine den phobal an t-iarraidh a leasú ionas go laghdófar méid an éarlais, nó go gcuirtear deireadh ar fad leis.

(iv) Tá imthosca áirithe ann inar féidir na táillí breise a tharscaoileadh agus seo a leanas iad:

- sa chás go mbeadh an costas a bhaineann le bailiú agus cuntasú na táille níos mó ná méid na táille;
- sa chás go mbeadh an fhaisnéis ina cabhair shonrach chun saincheist a bhfuil tábhacht náisiúnta léi a thuiscint; nó
- i gcás faisnéise pearsanta, sa chás nach mbeadh muirir den sórt sin réasúnach maidir le hacmhainn an iarrthóra.

9.2 Táillí chun achomharc a dhéanamh ar chinneadh comhlachta phoiblí

(i) Caithfidh táille de €75 a bheith i dteannta formhór na n-iarratas ar athbhreithniú inmheánach ar chinneadh comhlachta phoiblí. Is táille laghdaithe de €25 a bheidh i bhfeidhm má bhíonn clúdach cárta liachta agat. Níl aon táille ar iarratais athbhreithnithe inmheánaigh maidir le faisnéis phearsanta amháin a bhaineann leis an duine féin nó i ndáil le cinneadh táille nó éarlais a ghearradh.

(ii) Caithfidh táille de €150 a bheith i dteannta formhór na n-iarratas ar athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise. Bíonn táille laghdaithe de €50 i bhfeidhm má tá clúdach cárta liachta agat nó i ndáil le hathbhreithniú a bhaineann le faisnéis áirithe tríú páirtí. Níl aon táille ar iarratais athbhreithnithe maidir le faisnéis phearsanta amháin a bhaineann leis an duine féin nó i ndáil le cinntí chun táillí nó éarlaisí a ghearradh.

9.3 I gcomhair eolais níos mionsonraithe ar na rialacháin nua a bhaineann le táillí déan teagmháil le do thoil lenár nAonad um Shaoráil Faisnéise:

10 Polasaí Rúndachta

10.1 Ba chóir smaoineamh air gurb iad na taifid sin amháin a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige a thagann laistigh de scóip an Achta um Shaoráil Faisnéise agus sa chomhthéacs sin go ngeallann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí aon fhaisnéis a sholáthraíonn daoine aonair nó eile dó, nach mbaineann le riarachán ginearálta na hOifige, a shealbhú ar bhonn rúnda.

10.2 Caithfidh daoine aonair nó comhlachtaí a bhíonn ag soláthar faisnéise don Oifig seo maidir le riarachán ginearálta na hoifige agus nach mian leo go ndéanfaí an fhaisnéis sin a nochtadh mar gheall ar a nádúr íogaireach é sin a dhéanamh soiléir agus na cúiseanna d'íogaireacht na faisnéise sin a shonrú. Rachaidh an Oifig i gcomhairle le haon duine aonair nó comhlacht a sholáthraíonn faisnéis íogaireach amhlaidh sula ndéanfar cinneadh faoi aon iarratas um Shaoráil Faisnéise a fhaightear.

10.3 Sa chás nach mbíonn aon fhaisnéis a bhaineann le riarachán ginearálta na hoifige sainaitheanta mar faoi rún, agus cúiseanna ag tacú leis, ansin is dóichí go bhféadfaí í a scoileadh mar fhreagra ar iarratas um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir a thabhairt ar aird chomh maith, áfach, fiú amháin má bhíonn faisnéis a sholáthraíonn duine aonair nó comhlachtaí marcáilte faoi rún go bhféadfaidh an Oifig a chinneadh, tar éis comhchomhairle, an fhaisnéis sin a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

FÓGRA DÍOLÚINE

Faoi alt 46(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 tá díolúine sonrach ann maidir le taifid atá i seilbh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó atá cruthaithe aici, seachas taifid a bhaineann le riaradh ginearálta na hOifige. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil rochtain ag an bpobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ar thaifid maidir le comhaid chásanna coiriúla.

CUID V

FAISNÉIS AR RIALACHA, CLEACHTAIS AGUS NÓSANNA IMEACHTA I nDÁIL LE CINNTEOIREACHT AG AN OIFIG

1. Ceanglais faoi Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise

1.1 Ceanglaíonn Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise ar chomhlachtaí poiblí na nithe seo a leanas a ullmhú agus a fhoilsiú agus a chur ar fáil: "na rialacha, na nósanna imeachta, na cleachtais, na treoirlínte agus na léirithe a úsáideann an comhlacht, agus innéacs d'aon fhasaigh a choimeádann an comhlacht, chun críocha breitheanna, cinntí nó moltaí faoi réim nó chun críocha aon achtacháin nó scéime a riarann an comhlacht maidir le cearta, pribhléidí, sochair, oibleagáidí, píonóis nó smachtbhannaí eile a bhfuil nó a bhféadfadh sé go mbeidh daoine den phobal ina dteideal nó faoina réir faoin achtachán nó faoin scéim, agus faisnéis chuí i ndáil leis an modh nó an modh beartaithe ar a riarfar aon achtachán nó scéim den sórt sin".

1.2 Is éard atá beartaithe go mbeadh fáil go poiblí ar na rialacha, na nósanna imeachta agus na cleachtais faoina ndéanann comhlacht poiblí cinneadh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do dhaoine den phobal ionas gur féidir le gach saoránach breith fheasach a dhéanamh cibé an bhfuil a dteidil tugtha dóibh ina n-iomláine.

1.3 Mar gheall ar an srian atá leagtha amach in alt 46(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise ní bhaineann foilsiú na rialacha, na nósanna imeachta agus na gcleachtas, a bhfuil achoimre tugtha thuas orthu, ach amháin leis na taifid sin a bhaineann le riarachán ginearálta Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

1.4 Ní riarann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí aon achtacháin nó scéimeanna a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige ach amháin iad sin a bhaineann leis an Earnáil Phoiblí go ginearálta.

2. Achtacháin nó Scéimeanna a bhaineann leis an Earnáil Phoiblí

2.1 Áirítear orthu seo nithe a bhaineann le pá agus coinníollacha seirbhíse, na rialacha agus na cleachtais a bhaineann le bainistiú acmhainní daonna, agus na coinbhinsiúin agus na nósanna imeachta a bhaineann le bainistiú airgeadais na hEarnála Poiblí. Seo a leanas sampla den ábhar a dtagraítear dó:

- Achtanna Rialuithe na Státseirbhíse
- Luach Saothair
- Cód pearsanra
- Scéimeanna Aoisliúntais
- Rialacha, nósanna imeachta, cleachtais agus treoirlínte ar nithe a fháil a bhaineann le Teicneolaíocht Eolais, lena n-áirítear teileachumarsáid agus innealra oifige
- Comhairle agus treoir ar straitéisí teicniúla agus caighdeáin Teicneolaíocht Eolais
- Oiliúint
- Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí

Ní liosta iomlán é seo ach tá an t-ábhar clúdaithe go cuimsitheach i Lámhleabhar Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise ag an Roinn Airgeadais agus atá ar fáil ar a láithreán gréasáin ag www.finance.irlgov.ie.